1225

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúduithe Sheimeastar I, 2004/2005

Cód an Scrúdaithe	1AN1
Scrúdú	Ard-Dioplóma/M.A. i Staidéar an Aistriúcháin
Cód an Mhodúil	SN804
Modúl	An tAistriúchán Liteartha
Uimhir an Pháipéir	1
Scrúdaitheoir Seachtrach	Charlie Dillon
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Gearóid Denvir Nollaig Mac Congáil Louis de Paor
Treoracha:	Trí cheist le freagairt, ceann amháin, ar a laghad, as gach Roinn. 100 marc atá ag dul don pháipéar seo. Tá an líon céanna marcanna ag dul do gach ceist.
Am ceadaithe:	Trí huaire an chloig.
Líon na bhFreagarleabhar:	1

Roinn A

1. Tabhair cuntas ar cheist iomlán casta an aistriúcháin i gcomhthéacs litríocht na Gaeltachta ó thuaidh agus ó dheas ag díriú ar an dara ceathrú den aois seo caite ach go háirithe. Tráchtar ar litríocht an Bhlascaoid agus *The Sea's Revenge* go sonrach mar lárábhar tagartha.

2. Cuir síos go mion ar shnáithíní éagsúla cheist an aistriúcháin i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge le breis is tríocha bliain anuas.

3. Tabhair cuntas ar stair ilghnéitheach ilchuspóireach an aistriúcháin ó thús na hAthbheochana go dtí bunú an tSaorstáit.

Roinn B

4. Shamhlaigh WB Yeats 'the coming of a new power into literature' leis an gcanúint Bhéarla a shaothraigh Dubhglas de hÍde in *Love Songs of Connacht* (1893). Cén tábhacht atá leis na haistriúcháin a rinne de hÍde ar amhráin ghrá Chúige Chonnacht i ndeireadh an naoú haois déag?

5. 'We are fortunate in these translations in having the best of poets talking to their peers. They recreate one another as kindred spirits across the gulf of language.' Alan Titley

   Do thuairim uait faoi bhreithiúnas Alan Titley ar an dlúthchaidreamh atá ag filí Béarla agus filí Gaeilge na hÉireann le chéile faoi scáth an aistriúcháin.

6. Déan cur síos ar na haistriúcháin atá déanta agat féin ar do rogha nuafhile Gaeilge, ar na fadhbanna a bhain leis an obair, agus an tslí gur réitigh tú na fadhbanna sin.

   Ní mór cóip de do chuid aistriúchán a sholáthar mar chuid de do fhreagra ar an gceist seo.